



Comhlucht Forbartha na nDéise

Imlíne an Phoist

Teideal an Phoist

Rúnaí Oifige.

Láthair Oibre

Solúbtha, ach Ionad Pobail na Rinne, An Rinn, Dún Garbhán, Co. Phort Láirge is ea príomhoifig an Chomhluchta.

Imlíne Ginearálta

Beidh an Rúnaí Oifige freagrach as oifig Comhlucht Forbartha na nDéise (CFnaD) a riaradh.

Ag tuairisciú do

Bainisteoir Forbartha.

Sonraí an Phoist

Dualgais Oibre

Beidh na dualgais seo a leanas le comhlíonadh ag an Rúnaí Oifige:

1. A bheith mar chéad pointe teagmhála do CFnaD, fón agus r-phoist a fhreagairt, agus comhfhreagras a chur ar aghaidh chuig na feidhmeannaigh agus/nó bord CFnaD de réir mar is cuí;
2. Comhaid CFnaD a chur in eagar;
3. Cruinnithe a eagrú, clár agus cáipéisí do chruinnithe a ullmhú, agus cáipéisí do chruinnithe a roinnt;
4. Miontuairiscí a ghlacadh le linn cruinnithe;
5. Córas párolla a riaradh;
6. Íocaíochtaí ceadaithe a phróiseáil de réir polasaithe CFnaD;
7. Iontráil sonraí ar an gcóras Big Red Cloud, agus cuntais CFnaD a choimeád in ord is in eagar;
8. Éileamh ar dheontais a ullmhú;
9. Scarbhileoga a ullmhú agus a nuashonrú de réir mar is cuí;

Scileanna agus Taithí

10. Ábhar poiblíochta a fhoilsiú ar na meáin shóisialta agus sna meáin áitiúla;
11. Treoir a ghlacadh ón gCathaoirleach nó baill eile a ainmníonn an Chathaoirleach.

Beidh na scileanna agus taithí seo a leanas ag teastáil ón té a cheapfar mar Rúnaí Oifige:

- Scileanna maithe teanga, idir labhartha agus scríofa;
- Tuiscint agus taithí mhaith ar riaradh oifige;
- Dírithe ar sonraí;
- Go maith ag obair mar chuid d'fhoireann;
- Scileanna maithe eagrúcháin agus ríomhaireachta;
- Scileanna maithe cumarsáide agus idirphearsanta;
- Teachnt ar mhodh taisteal iontaofa chun na hoibre.

Cineál Post

Post páirt-aimseartha.

Uaireanta

Uaireanta solúbtha, 20 uair in aghaidh na seachtaine.

Tréimhse

Líonfar an post trí chonradh ar théarma seasta ar feadh 3 bhliain. Beidh tréimhse promhaidh sé mhí i gceist ag tús na fostaíochta. Beidh deis cur leis an gconradh seo ar feadh tréimhse eile tar éis athbhreithniú. Is féidir an conradh a fhoirceannadh i gcás go ndéanfar an sruth maoinithe a bhfuil súil leis a fhoirceannadh nó a laghdú go suntasach.

Ráta Pá

€14 - €16 in aghaidh na huaire, nó €14,560 - €16,640 in aghaidh na bliana, ag braith ar taithí agus cáilíochtaí. Déanfar athbhreathnú ar an ráta pá go tráthrialta, de réir rogha Bord CFnaD.